



## **Teacht le chéile na gCeilteach chun struchtúr úrnua do chlár stíl mhaireachtála a chruthú**

Tá BBCALBA, S4C agus TG4 ag obair le chéile chun formáid úrnua shaintréitheach a chruthú, formáid a mbeidh na Náisiúin Cheilteacha bródúil aisti agus a bheidh ina díol suntais sna trí náisiún.

Iarrtar anois smaointe nua le haghaidh formáid stíl mhaireachtála a bheidh uailmhianach agus taitneamhach agus a mheallfaidh an lucht féachana sna náisiúin Cheilteacha agus i dtíortha eile. Is mian linn moltaí misniúla agus láidre a fháil - formáidí a mbeidh an-spéis ag an lucht féachana buaic-ama iontu. Ba cheart do na smaointe mothúcháin a spreagadh freisin, cibé gáire, caoineadh nó ionadh.

Cuirfidh MG ALBA (ar son BBC ALBA), TG4 & S4C cómhaoiniú £15,000 ar fáil do chlár pólóta a mbeidh mar aidhm leis formáid a fhorbairt a mbeidh deis léi sraith a dhéanfaí arís agus ar féidir a chur in oiriúint do na réigiúin Cheilteacha ar fad agus do réigiúin eile, a chruthú.

*Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna moltaí:*

Achoimre, cóiriú don fhormáid, an tallann a bheartaítear a úsáid agus an tslí a n-úsáidfí an ciste forbartha chun clár pólótach fiúntach a dhéanamh, clár a d'fhéadfaí a úsáid mar bhunús do shraith a dhéanfaí arís.

Cuirfear na smaointe is fearr ar ghearrliosta agus iarrfar orthu pitseáil do na trí chraoltóir roimh mhí na Nollag 2015. Roghnófar smaoineamh amháin ar a mbronnfar ciste forbartha £15,000 chun clár pólótach a chruthú, le cur ar fáil go luath in 2016.

Dáta deiridh chun aighneachtaí a fháil: meán lae, Dé hAoine an 30 Deireadh Fómhair 2015.

Seol moltaí chuig: Celticformats@s4c.cymru

Trí do chuid smaointe a chur ar aghaidh chuig an seoladh ríomhphost thuas, aontaíonn tú leis na Téarmaí Iontrála mar a leagtar amach thíos.



## **TÉARMAÍ IONTRÁLA DO THIONSCNAMH NA FORMÁIDE CEILTÍ**

Tacaíonn siad seo a leanas le Tionscnamh na Formáide Ceiltí ("TFC") 2015

- S4C a bhfuil a oifig chláráithe suite ag Parc Ty Glas, Llanishen, CF14 5DU, An Bhreatain Bheag ("S4C")
- TG4 as Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, Éire ("TG4"); agus
- MG ALBA as Rathad Shìophoirt, Steòrnabhagh HS1 2SD, Albain ("MG ALBA")

(Gairtear "Na Craoltóirí" do S4C, do TG4 agus do MG ALBA le chéile)

### **1. Riachtanais iontrála**

Chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo, ní mór d'iontrálaithe an méid seo a leanas a chur ar fáil le ríomhphost chuig [Celticformats@s4c.cymru](mailto:Celticformats@s4c.cymru) roimh **mheán lae ar an 20 Deireadh Fómhair 2015**:

- Achoimre agus cóiriú don fhormaid (is féidir sin a chur ar fáil i bhfoirm doiciméid nó i bhfoirm amharc-théipe taispeána). Is ceart an cóiriú a bheith simplí agus gearr agus is ceart na príomhghnéithe den fhormaid, mar aon le d'fhís i gcomhair na formáide, a bheith ann i bhfoirm achomair agus fad 2 – 5 leathanach a bheith ann.
- Is ceart aird a tharraingt ar an tallann agus/nó ar phríomhthréithe aon tallainne a bheartaítear a bheith ann
- Mionsonraí faoin ts lí ina ndéanfaí cistí forbartha £15,000 a úsáid chun ábhar pólótach a ullmhú, ar ábhar é a d'fhéadfaí a úsáid mar bhunús do shraith a dhéanfaí arís.
- Is ceart mionsonraí teagmhála iomlána an iarratasóra (ainm teagmhála, ainm na cuideachta (más infheidhme), seoladh ríomhphoist, seoladh poist agus mionsonraí teagmhála teileafóin) a chur ar fáil freisin.

Is féidir an fhaisnéis a chur ar fáil i do theanga Cheilteach áitiúil nó i mBéarla. I gcás ina gcuirtear faisnéis ar fáil i dteanga seachas an Béarla, is ceart aistriúchán Béarla a chur ar fáil freisin.

Ní ghlacann na Craoltóirí le haon fhreagracht as easnaimh in aon chóras seachadta ná as aon fhreagraí a chailtear, a gcuirtear moill leo nó atá easnamhach. Is fútsa atá sé a chinntiú go ndéantar do chuid freagraí (agus aon cheangaltáin) a ullmhú in am trátha (agus aird á tabhairt ar an seans go mbeidh daoine den fhoireann as láthair nó go mbeidh cliseadh teicniúil ann) agus go gcuirtear ar fáil iad roimh an spriocam atá leagtha amach thuas maidir le glacadh le freagraí.

Tabhair do d'aire le do thoil, gurb é 20Mb méid uasta na dteachtaireachtaí ríomhphoist ar féidir leis an seoladh ríomhphoist glacadh leis agus beidh na formáidí comhaid seo a leanas inghlactha: Word, Excel, PDF agus Jpeg. Tá na formáidí comhaid sin inghlactha mar Zip-Chomhaid. Is ceart duit a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé go bhfuil teorainneacha níos ísle sin ag do ISP (Soláthróir Seirbhíse Idirlín) féin maidir le méid uasta teachtaireachtaí ríomhphoist agus, dá bharr sin, moltar duit seiceáil a dhéanamh, tamall maith roimh ábhar a sheoladh agus roimh an spriocam, faoin teorainn mhéide atá ag do ISP féin nó ag do roinn TF féin.



## 2. An Smaoineamh le haghaidh na Formáide

Ní mór an fhormaid a bheith bunúil go hiomlán, gan í a bheith bunaithe ar aon chlár eile, ar aon fhormaid eile, ar aon leabhair eile ná ar aon ábhair fhoinse eile ná ní ceart í a bheith curtha faoi bhráid aon chraoltóra roimhe seo ná í a bheith de réir rogha ag aon chraoltóir eile, ná á forbairt ná á léiriú d'aon chraoltóir eile.

Ní mór an fhormaid a bheith inléirithe de réir Chóid Bhord Craolacháin na hÉireann agus Chód Craolacháin Ofcom ná ní ceart go sáródh sí cearta aon duine eile, ná go mbeadh sí bunoscionn le cearta aon duine eile, lena n-áirítear aon chearta príobháideachais, aon chearta maoine intleachtúla nó aon chearta daonna.

Trí smaoineamh le haghaidh formáide a chur ar fáil, barántaíonn gach iarratasóir go gcomhlíonann an smaoineamh le haghaidh formáide na ceanglais atá leagtha amach sa chuid 2 seo.

## 3. Tuilleadh Faisnéise

Ní mór gach fiafraí eile maidir leis an tionscnamh seo, lena n-áirítear aon iarrataí ar thuilleadh faisnéise agus/nó ar threoir a dhéanamh le ríomhphost chuig [Celticformatquestions@s4c.cymru](mailto:Celticformatquestions@s4c.cymru)

Ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht, iarrtar ort a thabhairt do d'aire go ndéanfar gach iarraidh ar thuilleadh faisnéise agus/nó ar threoir maidir leis an tionscnamh seo agus gach freagra ar iarrataí den sórt sin a nochtadh do na hiarratasóirí go léir. Déanfar aon nochtadh den sórt sin le ríomhphost chuig na seoltaí ríomhphoist a sholáthraíonn an fiafraitheoir lena mbaineann agus foilseofar é ar láithreáin ghréasáin na gCraoltóirí.

## 4. An Tionscadal atá le Forbairt a Roghnú

Déanfaidh ionadaithe na gCraoltóirí na hiontrálacha go léir a gheofar de réir na dTearmaí Iontrála seo a oscailt an tráth céanna ar an Dáta Deireanach chun glacadh le hiontrálacha nó ar dháta ina dhiaidh sin. Déanfaidh ionadaithe gach Craoltóra na hiontrálacha go léir a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas:

- Bunúlacht agus príomhghnéithe na formáide
- Mealladh an ábhair i measc chroí-lucht féachana na gCraoltóirí agus an fhéidearthacht maidir le mealladh níos forleithne
- An úsáid a bheartaítear a bhaint as an airgead forbartha ina bhfuil suim £15,000

Tar éis measúnú a dhéanamh, déanfaidh na Craoltóirí gearrliosta ar a mbeidh sé (6) chuideachta ar a mhéad agus tabharfar cuireadh dóibh sin a gcuid smaointe a chur i láthair os comhair na gCraoltóirí. Tá sé mar aidhm ag na Craoltóirí fógra a thabhairt le ríomhphost, ar an 13 Samhain nó thart ar an dáta sin, do na cuideachtaí a mbeidh cuireadh le fáil acu chun a gcuid smaointe a chur i láthair os comhair na gCraoltóirí. Déanfar an dáta agus na socruithe eile don chur i láthair sin a chur in iúl do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo. Maidir le hiarratasóirí nach n-éiríonn leo, tabharfar fógra dóibh tar éis an dáta sin.

Más duine aonair é/í Forbróir na Formáide, nó má tá taithí theoranta ag Forbróir na Formáide ar léiriú clár teilifíse den chineál atá beartaithe, déanfar plé, mar chuid den chur i láthair, i dtaobh conas a bheartaíonn Forbróir na Formáide an t-ábhar píolótach a léiriú agus i dtaobh an bhfuil teagmháil déanta le comhpháirtí léiriúcháin nó an mbeidís sásta ligean don chraoltóir coimisiúnúcháin cuireadh léiriúcháin nó léiritheoir feidhmiúcháin a ainmniú chun bheith ag obair ar an tionscadal.



Déanfar gach cur i láthair trí Fhís-Chomhdháil nó trí Skype. Beidh ionadaí de chuid gach Craoltóra i láthair agus déanfar socruithe oiriúnacha Fís-Chomhdhála nó Skype le gach iarratasóir a gheofar cuireadh chun cur i láthair a dhéanamh.

Tar éis na smaointe le haghaidh formáide a mheasúnú tuilleadh, déanfaidh na Craoltóirí, más cuí, go comhpháirteach agus d'aon toil aon (1) smaoinemh le haghaidh formáide a roghnú lena fhorbairt tuilleadh.

Tar éis éisteacht a bheith tugtha do gach cur i láthair, déanfaidh na Craoltóirí fógra le ríomhphost a thabhairt don iarratasóir a n-éiríonn leis agus do na hiarratasóirí nach n-éiríonn leo.

Is de lánrogha na gCraoltóirí a dhéanfar cinntí ina leith sin agus cinntí críochnaitheacha a bheidh ann.

## **5. Na Príomhthéarmaí a ghabhann le Forbairt**

I gcás ina ndéantar smaoinemh le haghaidh formáide a chur ar fáil de bhun an tionscnaimh seo, ach nach roghnaítear lena fhorbairt é, déanfaidh an chuideachta léiriúcháin a chuireann an smaoinemh ar fáil gach ceart san fhormaid sin a choinneáil.

I gcás ina ndéantar smaoinemh le haghaidh formáide a roghnú lena fhorbairt, beidh ar an iarratasóir a chuir an smaoinemh sin ar fáil ("Forbróir an Smaoinimh") comhaontú forbartha a dhéanamh leis na Craoltóirí agus beidh na téarmaí seo a leanas san áireamh sa chomhaontú sin:

- oibleagáid ar Fhorbróir an Smaoinimh chun na hábhair forbartha a sheachadadh, lena n-áirítear ábhar píolótach de cháilíocht neamhchraolacháin agus é bunaithe ar an smaoinemh le haghaidh na formáide (agus fotheidil Bhéarla ann, más cuí), bunbhíobla formáide, ord reatha;
- gealltanais ó gach ceann ar leith de na Craoltóirí ranníocaíocht £5,000 a thabhairt (suim iomlán £15,000 a bheidh ann);
- ceart eisiach a bheith ag gach ceann ar leith de na Craoltóirí sraith amháin nó níos mó a choimisiúnú, dá lánrogha féin, ina dteanga áitiúil, agus í/iad bunaithe ar an bhformáid agus le craoladh ar fud an domhain gan aon srian;
- más rud é go bhfuil taithí theoranta ag Forbróir na Formáide ar léiriú cláir i dteanga aon cheann ar leith de na craoltóirí coimisiúnúcháin, féadfaidh gach craoltóir coimisiúnúcháin a cheangal ar Fhorbróir na Formáide an fhormaid a cheadúnú do léiritheoir neamhspleách áitiúil i gcomaoin táille formáide. Déanfar ról sainchomhairleora sa chuideachta léiriúcháin iomchuí a thabhairt d'Fhorbróir na Formáide de réir téarmaí a bheidh le comhaontú leis an gCraoltóir coimisiúnúcháin;
- déanfar cóipcheart san fhormaid bhunúsach agus san ábhar píolótach a shannadh do na Craoltóirí agus d'Fhorbróir na Formáide agus sealbhóidh na páirtithe go léir an cóipcheart sin ina sciartha comhionanna;
- mar chuid de chomhaontú coimisiúnúcháin, comhaontóidh na páirtithe go léir an straitéis is oiriúnaí maidir le dáileadh na formáide;
- déanfar cóipcheart in aon chlár a choimisiúnaíonn craoltóir a shannadh ar ais do na Craoltóirí agus d'Fhorbróir na Formáide, agus beidh sé faoi úinéireacht ag na Craoltóirí agus ag Forbróir na Formáide, ina sciartha comhionanna mura rud é go gcomhaontóidh na Craoltóirí agus Forbróir na Formáide a mhalairt; agus
- má roghnaítear smaoinemh le haghaidh formáide lena fhorbairt ach nach roghnaíonn aon cheann de na Craoltóirí sraith atá bunaithe ar an bhformáid a choimisiúnú laistigh de 24 mhí ón tráth a seachadtar na hábhair forbartha, cuirfear an tionscadal i riocht slánúcháin agus beidh Forbróir na Formáide i dteideal na cearta ar fad san fhormaid a cheannach ar ais ach an t-airgead forbartha £15,000 a aisíoc.



## 6. Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Tá na Craoltóirí faoi réir an *Freedom of Information Act* ("FOI") 2000 agus, in Éirinn, an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus d'fhéadfadh sé go mbeidh orthu faisnéis atá ann in aon doiciméad a sholáthraíonn iarratasóirí a nochtadh mar fhreagra ar iarraidh FOI.

Trí fhreagra a thabhairt ar an doiciméad seo, toilíonn gach iarratasóir le gach ceann ar leith de na Craoltóirí do dhéanamh próiseála, de réir an Achta um Chosaint Sonraí 1998, ar an bhfaisnéis phearsanta go léir a sholáthraítear agus daingníonn siad go bhfuil na toilithe riachtanacha tríú páirtí go léir chun a chumasú do na Craoltóirí déanamh amhlaidh faighte ag an iarratasóir.

## 7. Rúndacht

Comhaontaíonn na hiarratasóirí go léir aon fhaisnéis a nochtann na Craoltóirí dóibh, nó a chuireann na Craoltóirí ar fáil dóibh ar shlí eile, i dtaca leis an tionscnamh seo a choimeád faoi rún, comhaontaíonn iarratasóirí gan aon fhaisnéis den sórt sin a úsáid seachas i ndáil le freagraí a ullmhú agus ní nochtfaidh siad faisnéis den sórt sin d'aon duine seachas ar bhonn rúnda agus ar an mbonn gur gá eolas a fháil uirthi agus seachas do dhaoine atá bainteach go díreach le hullmhú an fhreagra. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí rúndachta sin maidir le doiciméid atá ar fáil don phobal cheana féin an tráth a nochtann aon cheann ar leith de na Craoltóirí iad nó a gcuireann aon cheann ar leith de na Craoltóirí ar fáil iad.

Comhaontaíonn na hiarratasóirí gan aon ábhar poiblíochta d'aon chineál (lena n-áirítear fógraí trí láithreáin shóisialta líonrúcháin amhail Facebook nó Twitter nó ar shlí eile) maidir leis an tionscnamh nó aon chinneadh de chuid na gCraoltóirí i ndáil le haon ghné den tionscnamh seo a eisiúint, agus comhaontaíonn siad nach ndéanfaidh aon duine dá gcuid fostaithe ná aon chomhairleoir nó aon duine eile atá bainteach leis an bhfreagra aon ní den sórt sin a eisiúint, mura rud é go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag na Craoltóirí roimh ré maidir le haon chumarsáid den sórt sin.

## 8. Neamh-Chlaonpháirteachas

Trí fhreagra a chur ar fáil, deimhníonn iarratasóirí mar a leanas:

1. freagra *bona fide* atá ann agus é beartaithe a bheith iomaíoch; agus
2. níl an t-iarratasóir tar éis an freagra a shocrú ná a choigeartú le haon chomhaontú nó le haon socrú atá déanta le haon duine eile, nó faoi aon chomhaontú nó socrú den sórt sin, nó de réir aon chomhaontaithe nó socraithe den sórt sin, ná níor chuir an t-iarratasóir de cheangal ar aon léiritheoir eile déanamh amhlaidh.

## 9. Cearta san ábhar a chuirtear ar fáil agus slánaíocht

Ní mór do gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil rialú acu ar gach ceart, teideal agus leas san ábhar, agus i leith an ábhair, a chuirtear ar fáil ar cearta, teidil agus leasanna iad atá riachtanach le go bhfaighidh na Craoltóirí an ceart gan cheangal chun úinéireacht a fháil, agus saothrú a dhéanamh, ar an bhformáid sin agus ar aon ábhar cláir atá bunaithe ar an bhformáid, ar mhodh díola nó le ceadúnas, i ngach meán ar fud an domhain go suthain.

Admhaíonn iarratasóirí go mbíonn na Craoltóirí i mbun forbartha go buan agus go bhfaigheann siad smaointe ó raon foinsí éagsúla. Dá bharr sin, ní bheidh na Craoltóirí faoi aon dliteanas i leith aon iarratasóra maidir le húsáid ábhair nach ábhar bunúil de chuid an iarratasóra é, nach ábhar nua ná nuálach é nó atá curtha faoi bhráid na



gCraoltóirí go neamhspleách nó atá forbartha roimhe seo ag aon fhostaí de chuid na gCraoltóirí nó a chuirfidh tríú páirtí faoi bhráid na gCraoltóirí amach anseo, agus ní bheidh oibleagáid ar na Craoltóirí, ar aon slí de chineál ar bith, an t-iarratasóir a chúiteamh i leith aon úsáide a bhaintear as an ábhar sin.

Más rud é go ndéanfaidh aon cheann de na Craoltóirí clár teilifíse nó cláir theilifíse, atá bunaithe ar an smaoineamh ginearálta céanna, ar an téama ginearálta céanna nó ar an gcúinse ginearálta céanna agus/nó ag a bhfuil an suíomh céanna nó an stair chúlra chéanna, atá ann in aon ábhar a chuireann an t-iarratasóir ar fáil, ní bheidh aon oibleagáid ná dliteanas d'aon chineál ar na Craoltóirí i leith an iarratasóra de dheasca ullmhú nó dháileadh an chláir (na gclár) sin ach amháin i gcás ina mbeidh cóipeáil shubstantiúil déanta ag na Craoltóirí ar léiriú agus ar fhorbairt an smaoinimh, an téama nó an chúinse sin, lena n-áirítear pearsana agus snáithe scéil an chéanna. I gcás ina gcuireann iarratasóirí ábhar ar fáil, ní mheasfar go bhfágann sé sin go bhfuil aon cheann de na Craoltóirí in aon riocht atá éagsúil le riocht aon duine eile den phobal i leith an ábhair atá curtha ar fáil. Dá bhrí sin, féadfaidh na Craoltóirí aon chuid den ábhar a bhféadfadh duine den phobal úsáid a bhaint as go neamhshrianta a úsáid gan aon dliteanas i leith an iarratasóra.

Trí iontráil a chur ar fáil, aontaíonn iarratasóirí na Craoltóirí a shlánú, ar éileamh a fháil, a chosaint, a scaoileadh, a urscaoileadh agus a choimeád gan díobháil i ndáil le gach éileamh agus dliteanas a éiríonn as rannpháirtíocht, nó i dtaca le rannpháirtíocht, an iontrálaí sa tionscnamh seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: (a) éilimh i leith díobhála, cailteanais nó damáiste d'aon chineál a éiríonn as rannpháirtíocht an iontrálaí sa tionscnamh seo; agus (b) éilimh atá bunaithe ar chearta príobháideachais, ar chearta morálta, ar chlúmhilleadh, ar shárú cóipchirt agus/nó trádmhairc ar éilimh iad a bhaineann le haon smaoineamh le haghaidh formáide a chur ar fáil nó a shaothrú.

## 10. Dícháiliú

Forchoimeádann na Craoltóirí an ceart, dá lánrogha féin, aon fhreagra agus/nó aon Chuideachta a dhícháiliú ón tionscnamh seo aon tráth más rud é:

- (a) nach gcomhlíonann freagra na Téarmaí Iontrála ar aon slí áirithe;
- (b) go bhfuil aon fhaisnéis a sholáthraítear do na Craoltóirí neamhiomlán, neamhchruinn nó míthreorach ar aon slí nó go scoireann sí de bheith ceart;
- (c) go bhfuil an t-iarratasóir tar éis a bheith claonpháirteach in éineacht le haon duine i ndáil, nó i dtaca, le freagra ar an doiciméad seo; nó
- (d) go bhfuil iarracht déanta ag an iarratasóir, nó ag na comhairleoirí atá ceaptha aige/aici, tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas seo ar aon bhealach.

Beidh dícháiliú aon fhreagra nó cuideachta gan dochar d'aon chearta nó d'aon leigheasanna eile atá ag na Craoltóirí.

## 11. Níl aon oibleagáid ann conradh a thairiscint

Ní hionann aon ní atá ann sa doiciméad seo agus comhaontú nó conradh chun aon obair forbartha nó léiriú cláir a choimisiúnú.



Forchoimeádainn na Craoltóirí an ceart chun tarraingt siar as an bpróiseas seo aon tráth agus/nó an próiseas seo a thréigean aon tráth agus/nó an próiseas seo a iarchur aon tráth, gan aon chonradh a bhronnadh mar thoradh ar an bpróiseas seo, nó téarmaí agus coinníollacha an doiciméid seo a fhorlíonadh, a athbhreithniú agus/nó a shoiléiriú.

## **12. An Dí Rialaitheach**

Beidh an doiciméad seo faoi rialú ag dlíthe Shasana agus na Breataine Bige agus aontaíonn iarratasóirí, trí freagra a chur ar fáil, a bheith faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna Shasana agus na Breataine Bige.